



ASTI

Faisnéis maidir le Pinsin

BILEOG EOLAIS ASTI – 2021

CLÁR NA nÁBHAR

Faisnéis maidir le Pinsin	2
---------------------------	---

Scéimeanna Aoisliúntais do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile, Pobalscoile Cuimsithí agus B00	2
---	---

▲ <i>Roghanna scoir</i>	2
-------------------------	---

▲ <i>Sochair phinsin a ríomh</i>	3
----------------------------------	---

▲ <i>ÁSPC agus pinsin fhorlíontacha</i>	3
---	---

▲ <i>Sochair phinsin a fheabhsú</i>	3
-------------------------------------	---

▲ <i>Ballraíocht na scéime pinsin</i>	6
---------------------------------------	---

▲ <i>Múinteoirí a íoctar go príobháideach</i>	6
---	---

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair	6
--------------------------------------	---

▲ <i>Aois inphinsin agus scoir</i>	6
------------------------------------	---

▲ <i>Gnéithe eile na Scéime</i>	6
---------------------------------	---

Tátal	7
-------	---

FAISNÉIS MAIDIR LE PINSIN

Mar mhúinteoir, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi do scéim pinsin ag gach céim de do ghairmréim, toisc go bhféadann na cinntí a dhéanann tú i rith do ghairmréime tionchar suntasach a imirt ar luach do shochar pinsin nuair a thiofaidh tú in aois scoir. Is cuid de do phá mar mhúinteoir é do phinsean. Is cuid bunriachtanach é den phacáiste airgeadais iomlán a thuilleann tú as an obair a dhéanann tú mar mhúinteoir. Is cuid chasta de do phacáiste sochar é, áfach. Féachtar leis an leabhrán eolais seo cuid de na rúin a bhaineann leis na scéimeanna pinsin ceirde éagsúla atá ann do mhúinteoirí a nochtadh, agus leagtar amach ann na saincheisteanna tábhachtacha is mó spéis duit.

Go bunúsach, tá trí scéim pinsin ann do mhúinteoirí agus iad ar fad ag baint leis an bhfostaíocht:

- (a) An Scéim Aoisliúntas do Mhúinteoirí Meánscoile, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha,
- (b) Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí B00, agus
- (c) An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Tá an chéad dá scéim ar oscailt do mhúinteoirí a thosaigh a ngairmréim mhúinteoireachta roimh 2013, agus, cé is moite de roinnt miondífriochtaí, soláthraítear na sochair chéanna leo den chuid is mó. Soláthraíonn na scéimeanna sin pinsean agus cnapshuim tráth an scoir, atá bunaithe ar fhad seirbhíse múinteoirí agus ar a dtuarastal deiridh ar an dáta a théann siad ar scor. Ligeann leaganacha éagsúla de na scéimeanna sin do mhúinteoirí dul ar scor go luath ag aoiseanna éagsúla le pionóis agus gan phionóis.

Ón 1 Eanáir 2013, áfach, cláraítear na múinteoirí a théann isteach sa ghairm den chéad uair tar éis an dáta sin sa scéim pinsin nua a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne, is é sin, an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Ina theannta sin, múinteoirí a fhillann ar phost múinteoireachta arna íoc ag an Roinn/B00 tar éis an 1 Eanáir 2013 i ndiaidh sos neamhcheadaithe i bhfostaíocht de níos mó ná 26 seachtain, déanfar baill den scéim nua sin iad freisin (ní bhaineann an méid sin le múinteoirí ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe, e.g. sos gairme). Tá téarmaí an-difriúil sa scéim sin, a bhfuil fiorthionchar acu ar luach na sochar pinsin a gheobhaidh múinteoir ar scor dóibh. Tá ríomh na sochar pinsin faoin scéim pinsin roimh 2013 bunaithe ar thuarastal deiridh múinteora, an pointe ag a bhfuil tuarastal múinteora ag an leibhéal is airde de ghnáth. Os a choinne sin, faoin scéim nua, tá na pinsin bunaithe ar mheántuarastal múinteoirí thar a ngairmréim, rud a chiallaíonn, i bhfianaise fhad an scála pá múinteoireachta, go mbeidh laghdú suntasach ar luach comparáideach na sochar pinsin.

Scéimeanna Aoisliúntais Múinteoirí Meánscoile agus B00

Na scéimeanna pinsin príomha do mhúinteoirí, “scéimeanna sochair shainithe tuarastail deiridh” is ea iad. Ní bhraitheann sochair phinsin na múinteoirí ar fheidhmíocht bainisteoirí cistí pinsin gan ainm; ba chirte a rá go mbaineann sochair ráthaithe lena bpinsin, arna gcinneadh ag do thuarastal an lá a théann tú ar scor, agus ag fad na seirbhíse a thuill tú nó a cheannaigh tú i do scéim pinsin. Nuair a bheidh do thuarastal deiridh agus do sheirbhís inphinsin ar eolas agat, féadfaidh tú do shochair phinsin a ríomh. Áirítear leis na sochair phinsin seo pinsean coicísiúil don chuid eile de do shaol, cnapshuim saor ó cháin agus, go ginearálta, pinsean marthanóirí do do chéile nó do pháirtí sibhialta agus leanaí cáilitheacha dá bhfaighfeá bás.

Go deimhin, tá dhá shocrú pinsin éagsúla ann a chlúdaíonn baill de na Scéimeanna Aoisliúntais seo ag brath ar an uair a chuaigh tú isteach i ngairm na múinteoireachta. Clúdaíonn an chéad socrú múinteoirí a chuaigh isteach i scéim pinsin roimh an 1 Aibreán 2004 agus meastar gur 'baill bhunaidh' iad de na Scéimeanna Aoisliúntais do Mhúinteoirí Meánscoile agus B00. Cuireadh tús leis an dara socrú ón 1 Aibreán 2004 agus tugtar "iontrálaithe nua" sna Scéimeanna ar bhaill na scéime sin. Tá roghanna éagsúla luathscoir ann do na múinteoirí sin.

Roghanna Scoir:

Tá sé bhealach ann chun dul ar scor ón teagasc faoi na Scéimeanna thuas.

- (1) Scor Éigeantach: tar éis athrú ar an scéim pinsin a achtaíodh ag tús 2019, ní mór do bhaill bhunaidh na scéime dul ar scor faoi dheireadh na scoilbhliana ina mbaineann siad 70 bliain d'aois amach. Níl aon aois scoir éigeantaigh ag iontrálaithe nua agus féadfaidh siad leanúint ar aghaidh ag múineadh fad is atá siad inniúil ó thaobh na sláinte de chun é sin a dhéanamh.
- (2) Luathscor ag aois 60/65: is iondúil go bhféadfaidh baill bhunaidh na scéime dul ar scor gan phionós ag pointe ar bith ón dáta a bhaineann siad 60 bliain d'aois amach, bunaithe ar a dtuarastal agus a seirbhís inphinsin ar an dáta sin. Tá an áis seo ar fáil d'iontrálaithe nua ó dháta a 65ú breithlá.
- (3) An Scéim 55/35: níl seo ar fáil ach amháin do mhúinteoirí a chuaigh isteach sna scéimeanna roimh Aibreán 2004. Féadfaidh a leithéid de mhúinteoirí dul ar scor ó 55 bliana d'aois gan phionós ar choinníoll go bhfuil "seirbhís teagaisc iarbhír" 35 bliana acu. Cuirfidh an Roinn Oideachais suas le dhá bhliain d'oiliúint múinteoirí san áireamh agus "seirbhís teagaisc iarbhír" á ríomh aici agus déileálfadh sí le blianta postroinnte mar bhlianta iomlána. Cuimhnigh, is chun cáiliú don Scéim 55/35 amháin atá an tseirbhís bhreise seo agus ní úsáidtear í chun sochair phinsin a ríomh.

- (4) Luathscor Neodrach ó Thaobh Costais de (LSNTC): ar fáil do bhaill bhunaidh na scéime ó 50 bliain d'aois agus ó 55 bliana d'aois d'iontrálaithe nua. Cuireann an scéim luathscailte seo ar chumas múinteoirí dul ar scor níos luaithe fós, ach laghdaítear na sochair phinsin go hachtúireach suas le daichead faoin gcéad don chuid eile de shaol múinteora atá ar scor.
- (5) Scor larchurtha: is féidir le múinteoirí a éiríonn as rogha a dhéanamh chun a sochair phinsin a chur siar go dtí aois 60 bliain, más ball bunaidh den scéim iad, nó 65 bliana d'iontrálaithe nua.
- (6) Scor Leighis: múinteoirí faoi bhun 60/65 bliain d'aois a gciallaíonn a dtinneas nó a míchumas "go bhfuil siad neamhábalta go buan fillleadh ar an múinteoireacht"; is féidir leo iarratas a dhéanamh ar scor ar fhorais leighis. Má dheonaítear í, cuirtear feabhsú suas le 6 bliana agus dhá thrian ar an tseirbhís inphinsin agus íoctar sochair phinsin láithreach bonn gan phionós. Má tá tusa nó duine ar bith a bhfuil aithne agat air nó uirthi i do sheomra foirne incháilithe le haghaidh scor leighis, cuir glao ar ASTI a luaithe is féidir. Tá an próiseas iarratais dochraideach go leor agus is bunriachtanach é go gcuirfeadh an ceardchumann comhairle ar na baill sin maidir le hiarratas ar scor leighis a ullmhú i gceart.

Is iad sin príomhghnéithe na Scéimeanna Aoisliúntais do Mhúinteoirí Meánscoile agus BOO: a bhfuil iontu, conas a ríomhann tú do shochair phinsin agus an uair is féidir leat dul ar scor. Seo a leanas cuid de na nithe nach mór do mhúinteoirí a bheith ag faire amach dóibh ina scéimeanna pinsin, go háirithe nuair a bhíonn roghanna á ndéanamh acu le linn a ngairmréimeanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a bpinsin.

Sochair phinsin a ríomh:

An figiúr tuarastail a úsáidtear chun do shochair phinsin a ríomh ná do thuarastal ar an dáta a théann tú ar scor. Tá 'súil siar' 3 bliana ann do Phost Freagrachta agus liúntais eile, rud a chiallaíonn go gcaithfear an liúntas a bheith á fháil le haghaidh trí bliana iomlána roimh dhul ar scor chun luach iomlán an liúntais a chur san áireamh chun críocha pinsin; murab amhlaidh atá, úsáidtear an luach pro rata. Má tá postroinnt ar siúl agat, is é do thuarastal lánaimseartha coibhéiseach an tuarastal a úsáidtear chun do shochair phinsin a ríomh. Ní gá duit fillleadh ar obair lánaimseartha i do bhliain scoir chun luach do phinsin a chaomhnú. Ní hinphinsin í obair do Choimisiún na Scrúduithe Stáit ámh, agus dá bhrí sin ní chuirtear san áireamh í i leith do shochair phinsin.

ÁSPC agus Pinsin Fhorlíontacha:

Is iondúil go n-íocann múinteoirí a bhí fostaithe go leanúnach ó roimh an 5 Aibreán 1995 an aicme ÁSPC D1. Tagann na sochair phinsin go léir do mhúinteoirí den sórt sin ó scéimeanna pinsin na múinteoirí agus de ghnáth níl siad i dteideal Pinsean Stáit Ranníocach nuair a bhaineann siad 66 bliana d'aois amach.

Múinteoirí atá fostaithe ó Aibreán 1995, nó múinteoirí a bhfuil sos i mbun seirbhíse acu ó Aibreán 1995, is iondúil go n-íocann siad an ráta ÁSPC A1. Tá na múinteoirí sin i dteideal Pinsean Stáit Ranníocach nuair a shroicheann siad aois scoir an stáit, ach níl an pinsean stáit sin sa bhreis ar a bpinsean múinteora. Laghdaítear a bpinsean múinteora de réir neaslúach an phinsin stáit a bhfuil siad ina theideal, ionas gurb ionann iad agus neaslúach foriomlán an phinsin a fhaigheann múinteoir comhchosúil ar an ráta ÁSPC D1 nuair a chuireann tú le chéile iad. Má théann múinteoirí den sórt sin ar scor roimh aois scoir an stáit, íocfaidh an Roinn Pinsean Forlíontach, ach iarratas a bheith faighte, in ionad laghdú ar an bPinsean Stáit go dtí go mbainfidh siad aois scoir an stáit amach. Tá srianta áirithe ann, áfach, ar íoc pinsin fhorlíontaigh, go háirithe má théann tú ar scor ar an Scéim CNER, nó má tá tú i bhfostaíocht, nó má tá tú i dteideal sochair leasa shóisialaigh áirithe a tharraingt.

Sochair phinsin a fheabhsú:

Tuillteann múinteoirí seirbhís inphinsin trí ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc gach coicís/go míosúil óna dtuarastail. Ní féidir ranníocaíochtaí neamhspleácha a dhéanamh leis an scéim pinsin má tá múinteoir ar shaoire neamhláithreachta gan phá. Mar sin féin, is féidir le múinteoirí seirbhís teagaisc a "cheannach ar ais", lena n-áirítear seirbhís pháirtaimseartha, a rinne siad i bPoblacht na hÉireann sula ndeachaigh siad isteach sa scéim pinsin, mar shampla, le linn a mbliana Ard-Diplóma nó sula bhfuair siad post buan. Áirítear leis an tsaoráid sin freisin seirbhís ina raibh múinteoir ag fáil íocaíocht ó Choiste Gairmoideachais nó ó scoil ar bhonn príobháideach. Má tá aon seirbhís den sórt sin agat, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú teagmháil le ASTI sula dtéann tú ar scor chun a chinntiú go ndéanann tú iarratas in am trátha chun an tseirbhís sin a cheannach ar ais.

Ina theannta sin, féadfaidh múinteoirí a seirbhís inphinsin a bhreisiú trí Sheirbhís Bharúlach a cheannach, ar cineál conartha coigiltis pinsin é a aibíonn ag 60 nó 65 bliana d'aois. Is bealach an-éifeachtach é sin chun seirbhís bhreisthe a fhorbairt, go háirithe má tá 10 mbliana ar a laghad fágtha agat sula dtéann tú ar scor. Is féidir le múinteoirí socruithe pinsin phríobháidigh ar a dtugtar Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise (RÍSBanna) a thógáil amach freisin, amhail an scéim a chuireann Cornmarket ar fáil, arna formhuiniú ag ASTI. Is socruithe príobháideacha iad sin, áfach, lasmuigh de scéim pinsin na múinteoirí, agus mar sin braitheann siad ar fheidhmíocht bainisteoirí cistí pinsin chun aisce agus/nó pinsean breise a fháil ar scor.

Roimh – 1995

1995 – 2004

I bhfostaíocht roimh an 5 Aibreán 1995 Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Árachas Sóisialach d'Aicme D

Pinsean: Pinsean iomlán arna íoc ag an Roinn Oideachais
(Bunaithe ar an tuarastal deiridh)

Scor éigeantach ag deireadh na scoilbhliana tar éis an 70ú breithlá
(Féach nóta 1 thíos)

Pinsean iomlán tar éis 40 bliain seirbhíse

Scor deonach ar fáil ag aois 60 bliain
(seirbhís íosta 2 bhliain)

Scor deonach ar fáil ag aois 55 bliana ar aghaidh
ar an gcoinníoll go bhfuil seirbhís 35 bliana déanta

Scor neodrach ó thaobh costais de ar fáil ó aois 50 bliain
(Féach nóta 2 thíos)

Is féidir sochair phinsin a chaomhnú go haois 60 bliain
má d'éirigh an múinteoir as a phost teagaisc níos luaithe

I bhfostaíocht ón 6 Aibreán 1995 Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Árachas Sóisialach d'Aicme A

Pinsean: Cuirtear san áireamh sa phinsean comhordaithe, i.e. luach an phinsin
arna íoc ag an Roinn Oideachais (bunaithe ar an tuarastal deiridh), an Pinsean
Ranníocach Stáit arna íoc as féin ag an Roinn Coimirce Sóisialaí

Scor éigeantach ag deireadh na scoilbhliana tar éis an 70ú breithlá
(Féach nóta 1 thíos)

Pinsean comhordaithe iomlán tar éis 40 bliain seirbhíse

Scor deonach ar fáil ag aois 60 bliain
(seirbhís íosta 2 bhliain)

Scor deonach ar fáil ag aois 55 bliana ar aghaidh
ar an gcoinníoll go bhfuil seirbhís 35 bliana déanta

Scor neodrach ó thaobh costais de ar fáil ó aois 50 bliain
(Féach nóta 2 thíos)

Is féidir sochair phinsin a chaomhnú go haois 60 bliain
má d'éirigh an múinteoir as a phost teagaisc níos luaithe

Nótaí:

- 1 Méadaíodh an aois scoir éigeantaigh do bhaill bhunaidh Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí chuig 70 bliain d'aois ag tús na bliana 2019.
- 2 Is rogha scoir é Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de a ligeann do mhúinteoirí dul ar scor go luath le híocaíocht láithreach na sochar pinsin. Tá na híocaíochtaí pinsin agus cnapshuime faoi réir laghdú achtúireach chun íocaíocht luath na cnapshuime a chur san áireamh, mar aon leis an tréimhse níos faide a n-íocfar an pinsean lena linn.
- 3 "tá an aois íosta pinsin nasctha le haois an Phinsin Stáit (66 bliana d'aois faoi láthair), a d'fhéadfadh ardú amach anseo.
- 4 Fostaithe reatha a éiríonn as/a théann ar scor agus a bhfuil sos fostaíochta 26 seachtaine nó níos mó acu, beidh siad ina mbaill den

PINSIN MÚINTEOIRÍ

2004 – 2012

Cuireadh tús le Fostaíocht ón 1 Aibreán 2004 Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Árachas Sóisialach d'Aicme A

Pinsean: Pinsean comhordaithe, i.e. luach an phinsin arna íoc ag an Roinn Oideachais (bunaithe ar an tuarastal deiridh) lena n-áirítear an Pinsean Ranníocach Stáit arna íoc as féin ag an Roinn Coimirce Sóisialaí

Deireadh curtha leis an aois scoir éigeantaigh

Pinsean comhordaithe iomlán tar éis 40 bliain seirbhíse

Scor deonach ar fáil ag aois 65 bliana
(seirbhís íosta 2 bhliain)

Scor idir aois 55 agus 65 bliana d'aois ar fáil ar bhonn neodrach ó thaobh costais de (féach nóta 2 thíos) lena chois sin: pinsean forlíontach a íoctar ar iarratas ó aois 60 bliain ag an Roinn Oideachais

Scor neodrach ó thaobh costais de ar fáil ó aois 55 bliana
(féach nóta 2 thíos)

Is féidir sochair phinsin a chaomhnú go haois 65 bliain má d'éirigh an múinteoir as a phost teagaisc níos luaithe

2013 –

Cuireadh tús leis an bhFostaíocht ón 1 Aibreán 2013 Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair Árachas Sóisialach d'Aicme A

Pinsean: Is í An Roinn Oideachais a íocann an pinsean (bunaithe ar an meántuarastal gairme) agus íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí Pinsean Ranníocach Stáit

Aois scoir éigeantaigh ag aois 70 bliain

Cuirtear suimeanna is inchurtha in aghaidh na bliana in ionad na seirbhíse inphinsin

Scor deonach ar fáil ag aois 66 bliana
(seirbhís íosta 2 bhliain) (féach nóta 3 thíos)

Scor neodrach ó thaobh costais de ar fáil ó aois 55 bliana
(féach nóta 2 thíos)

Is féidir sochair phinsin a chaomhnú go haois 66 bliain má d'éirigh an múinteoir as a phost teagaisc níos luaithe (féach nóta 3 thíos)

Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair nuair a fhillfidh siad ar an bhfostaíocht.

- 5 Tá fochoiste pinsin ag ASTI a bhíonn ag dréim lena chinntiú go ndírítear aird go leanúnach ar shaincheisteanna pinsin agus go gcoinnítear faoi athbhreithniú iad thar ceann bhaill ASTI.

Foilsíonn www.asti.ie corpas mór d'ábhar ábhartha maidir le saincheisteanna pinsin.

Foilsíonn an Roinn Oideachais treoracha úsáideacha do mhúinteoirí freisin ar rannán pinsean a láithreáin gréasáin – www.education.ie agus tá treoracha ag B00É chomh maith ar a láithreán gréasáin – www.ETBI.ie

Ballraíocht na scéime pinsin:

Múinteoirí atá ar thréimhse fhaofa saoire gan phá (mar shampla, sos gairme, saoire mháithreachais gan phá nó saoire bhreiteachta gan phá), scoireann siad de sheirbhís inphinsin a ghiniúint le linn na tréimhse sin ach tá siad fós ina mball den scéim. Ceadaítear sos 26 seachtaine do mhúinteoirí a chuireann isteach ar a seirbhís teagasc (e.g. toisc nach ndéantar Conradh Sealadach a athnuachan, chun tabhairt faoi chúrsa staidéir lánaimseartha nó chun taisteal) go dtí go gcuirtear deireadh lena mballraíocht sa scéim pinsin. Má fhilleann múinteoirí den sórt sin ar an múinteoireacht ina dhiaidh sin téann siad isteach sa scéim pinsin atá i réim ag an am, rud a chiallaíonn ó mhí Eanáir 2013 an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus na sochair laghdaithe a bhaineann léi. Ní mór do mhúinteoirí den sórt sin lá fostaíochta inphinsin ar a laghad a dhéanamh i ngach sé mhí féilire le linn a mbriste ón teagasc chun a chinntiú, nuair a fhilleann siad ar an múinteoireacht, go bhfillfidh siad ar an scéim ina raibh siad sular cuireadh isteach ar a seirbhís.

Múinteoirí a Íoctar go príobháideach:

I mí Iúil 2010, chuir an Roinn cosc ar mhúinteoirí a bhí íoctha ag an scoil, iad siúd a bhí fostaíthe i scoileanna táillí go hiondúil, dul isteach sa Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Meánscoile nó dul isteach inti arís. Tá sé sin tar éis tionchar suntasach a imirt ar an iliomad múinteoirí a íoctar go príobháideach a ndéanann ASTI ionadaíocht orthu ar fud na tíre, múinteoirí nach mór dóibh brath ar scéimeanna pinsin phríobháidigh chun soláthar a dhéanamh dá scor. Múinteoirí a fhaigheann íocaíocht go príobháideach ó scoil táillí, beidh orthu aistriú chuig Conradh arna íoc ag an Roinn chun dul isteach sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Na múinteoirí go léir a thosaigh ag múineadh tar éis an 1 Eanáir 2013, nó a d'fhill ar an múinteoireacht tar éis an dáta sin i ndiaidh dóibh an ghairm a fhágáil roimhe sin, cláraítear iad sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair a bhaineann le seirbhís phoiblí na hÉireann. Is scéim sochair shainithe í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sochair ráthaithe ag baint léi nuair a théann múinteoir ar scor. Tá téarmaí cuibheasach difriúil sa scéim sin, ámh, i gcomparáid le scéimeanna pinsin roimhe seo a bhí teoranta do mhúinteoirí amháin, ag a mbíonn tionchar réalaíoch ar luach na sochar pinsin ar féidir le múinteoirí a fháil nuair a théann siad ar scor.

Mar bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, déanann tú dhá ranníocaíocht ar leithligh le do phinsean gach uair a fhaigheann tú do thuarastal. Féadann tú an dá asbhaint sin a fheiceáil ar do dhuillín pá. Tugtar 'méideanna is inchurtha' ar na híocaíochtaí tráthrialta sin, a gcuirtear ceann amháin díobh le do phinsean scoir agus an ceann eile le do chnapshuim scoir. Gach bliain, bíonn luach na méideanna is inchurtha atá fabhráithe sa Scéim uasráitilte ag an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (IPT). Le linn do ghairmréime, bíonn na méideanna sin ag carnadh agus is iad a mhaoiníonn na sochair pinsin shainithe a sholáthraíonn an Scéim duit nuair a théann tú ar scor. Comhordaítear na sochair sin leis an bPinsean Ranníocach Stáit, a íoctar chomh maith leis na sochair scoir a sholáthraíonn do Scéim Pinsin.

Tá tús curtha ag an Roinn Oideachais le ráitis bhliantúla ar shochair phinsin a chur ar fáil do bhaill na Scéime. Tugtar sna ráitis sin taifead ar an gcaoi a bhfuil do phinsean ceirde ag fás thar na blianta. Is féidir leat luach réamh-mheasta do shochar pinsin a sheiceáil ar líne am ar bith trí úsáid a bhaint as an Uirlis Meastóra atá ar fáil ar singlepensionscheme.gov.ie/for-members/scheme-information/, mar ar féidir leat tuilleadh eolais mhionsonraithe a fháil faoi do scéim pinsin.

Pinsean agus Aois Scoir:

An aois íosta ag ar féidir leat dul ar scor ón múinteoireacht faoin Scéim seo, tá sí socraithe ag an aois ag ar féidir leat an Pinsean Ranníocach Stáit a éileamh, is é sin, 66 bliana d'aois faoi láthair. D'fhéadfadh an aois scoir sin méadú má thagann méadú ar an aois cháilitheach don Pinsean Ranníocach Stáit amach anseo. Tá baill na Scéime seo in ann dul ar scor go luath ó 55 bliana d'aois ar bhonn neodrach ó thaobh costais de, ach laghdófar na sochair phinsin a bheidh fabhráithe acu go dtí an dáta sin go hachtúireach buan chun an luathscor sin a léiriú. Méid an laghdaithe achtúirigh a chuirtear i bhfeidhm ar phinsean múinteora a théann ar scor go luath, laghdaítear é ag brath ar cé chomh gar d'aois 66 bliain atá am scoir an mhúinteora sin. Tá aois scoir éigeantaigh 70 bliain d'aois tugtha isteach arís do bhaill na Scéime seo. Má fhágann tú an teagasc nó an tSeirbhís Phoiblí agus má tá níos mó ná dhá bhliain seirbhíse agat, caomhnófar do shochair phinsin sa Scéim agus beidh siad ar fáil duit ag 66 bliana d'aois.

Gnéithe eile na Scéime:

Is féidir leat luach do shochar pinsin a fheabhsú trí mhéideanna breise is inchurtha a cheannach ar thimthriall bliantúil. Beidh ort a bheith i do bhall den Scéim ar feadh dhá bhliain chun é sin a dhéanamh, agus is gá naoi mbliana ar a laghad a bheith

fágtha go dtí an aois scoir. Ba cheart do mhúinteoir iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais ar luachan agus, má ghlactar leis, tosaíonn na híocaíochtaí agus leanann siad ar aghaidh ar feadh aon bhliain féilire amháin. Ag deireadh na bliana sin, cuirtear na méideanna breise is inchurtha i dtaisce sa Scéim. Is féidir leat an timthriall sin a athdhéanamh ar feadh suas le 20 bliain ar leithligh san iomlán. Tá luach na méideanna breise is inchurtha sin rangaithe ar aon dul le méideanna caighdeánacha is inchurtha a mhéid a bhaineann le sochair scoir a ríomh, lena n-áirítear Scéim na gCéilí agus na Leanaí, agus déantar a luach a nuashonrú freisin faoin ráta boilscithe gach bliain.

Soláthraíonn an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair sochair phinsin freisin do do chéile nó do pháirtí sibhialta marthanach agus do leanaí cáilitheacha dá bhfaighfeá bás i mbun seirbhíse nó ar scor. Tá costas na sochar marthanóirí san áireamh leis an ranníocaíocht a dhéanann tú leis an Scéim Pinsin gach uair a íoctar do thuarastal leat. Tá na sochair seo a leanas iníoctha ar bhás baill: tá aisce bháis suas le dhá oiread do thuarastail inphinsin a tuilleadh sa bhliain roimhe sin (arna léiriú ar bhonn lánaimseartha) iníoctha le d'eastát má fhaigheann tú bás i mbun seirbhíse, ach probháid nó litreacha riaracháin a sholáthar. Ina theannta sin, tá pinsean marthanóra iníoctha le do chéile/pháirtí sibhialta atá socraithe ag leath an phinsin a thuillfeá dá rachfá ar scor ar fhorais leighis ar dháta an bháis i mbun seirbhíse, nó a leath de do ráta pinsin iarbhír má fhaigheann tú bás agus tú ar scor. Mar phríomhshócmhainn airgeadais, tagann sochair mharthanóra faoi réir orduithe cúirte a dhéantar ar cholscaradh nó ar idirscaradh breithiúnach. Tá pinsin mharthanóirí iníoctha freisin le do leanaí cleithiúnacha go dtí a 16ú breithlá, nó go dtí an 22ú breithlá má tá siad fós san oideachas lánaimseartha. Socraítear luach an phinsin a íoctar le leanbh ag aon trian de phinsean an chéile/pháirtí sibhialta mharthanaigh, suas le triúr leanaí. Má tá níos mó ná triúr leanaí marthanacha ann, socraítear suim na bpinsean seo ar chóimhéid le pinsean an chéile/pháirtí sibhialta a dháiltear go cothrom i measc na leanaí marthanacha. Tá pinsean leanaí iníoctha freisin le leanbh cleithiúnach fásta, gan teorainn aoise, atá faoi éagumas buan ar choinníoll go raibh an éiglíocht ann ó bhreith nó gur tháinig sí chun cinn fad is a bhí an leanbh incháilithe le haghaidh sochair.

Tátal

Mar sin, cibé acu ag dul ar scor i gceann bliana nó mar sin, nó ag céim luath i do ghairmréim atá tú, cuimhnigh go bhfuil an fhoireann ag Ceannoifig ASTI ar fáil i gcónaí chun cabhrú maidir le fiosruithe pinsin. Tá sé thar a bheith tábhachtach glaoch ar ASTI nuair a bhíonn tú ag ullmhú le haghaidh scoir, ach freisin agus tú ag smaoineamh ar athrú suntasach i do ghairmréim. Ná fan go dtí go scoirfidh tú chun a fháil amach gur chóir duit gníomhú níos luaithe.

Is féidir tuilleadh eolais, lena n-áirítear ceisteanna agus freagraí mionsonraithe, a fháil ar láithreáin ghréasáin ASTI (www.asti.ie) agus na Roinne Oideachais (www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/)



Áras Thomáis Mhic Dhonncha, Sráid an Fhíona, B.Á.C. 8, D08 P9V6

Thomas MacDonagh House, Winetavern Street, Dublin 8, D08 P9V6

Teil: 01-604 0160 r-phost: info@asti.ie <http://www.asti.ie>